Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14944/1/25**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0222(COD)**

**EDUC 417**
**JEUN 224**
**SPORT 45**
**SOC 729**
**COMPET 1113**
**DIGIT 220**
**ENV 1161**
**CADREFIN 305**
**FIN 1320**
**IA 174**
**CODEC 1713**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888<br>- *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

## I. <u>RÉAMHRÁ</u>

1. An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe comharba chlár Erasmus+ 2021-2027 a bhunú, agus dhá chlár de chuid an Aontais á gcumasc ag an am céanna: Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Is é cuspóir ginearálta an chláir nua, mar a shainaithin an Coimisiún, rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol agus do phoist do chách a fheabhsú, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Fógraítear an clár nua mar phríomhionstraim chun Aontas na Scileanna a fhorbairt, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt agus chun tacú le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n- áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.

2. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad ar an iomlán leis an gclár nua. Leag siad béim ar an ngá atá le roinnt mhaith ama chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar iarmhairtí an Rialacháin atá beartaithe agus ar na tionscnaimh nua a chuirtear chun cinn leis. Faoi Uachtaránacht na Danmhairge, phléigh an Coiste Oideachais an togra 6 huaire (17 Iúil, 8 Meán Fómhair, 17-18 Meán Fómhair, 8-9 Deireadh Fómhair, 20 Deireadh Fómhair agus 29 Deireadh Fómhair 2025). Tá achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i Roinn II thíos.

3. I gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4), Airteagal 166(4) agus Airteagal 214(5) de, ceanglaítear ar an gComhairle gníomhú in éineacht le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

4. Cheap Parlaimint na hEorpa Bogdan Andrzej ZDROJEWSKI (EPP, PL) mar rapóirtéir don chomhad.

5. Tá tuairimí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún ar feitheamh ag an bpointe seo.

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE

Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid an Choiste Oideachais an 17 Iúil 2025 – an lá ar cuireadh faoi bhráid na Comhairle go hoifigiúil é. Ar an ócáid sin, bhí deis ag na toscaireachtaí réamhbharúlacha agus réamhcheisteanna a chur in iúl.

Chuir an Coimisiún an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí an 8 Meán Fómhair 2025. An tráth céanna, rinne na toscaireachtaí diananailís air agus phléigh siad go mion é, agus úsáid á baint acu as an seicliosta táscach a cuireadh ar fáil dóibh mar ullmhúchán don chruinniú. Leagtar amach achoimre ar mheastóireacht agus ar fhreagairtí na mBallstát ar an Measúnú Tionchair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

Ós rud é gur cuid den phacáiste tograí atá nasctha leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) é an Rialachán atá beartaithe, tá roinnt forálacha sa téacs a chomhfhreagraíonn do na gnéithe a bheidh mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le CAI idir lúibíní agus dá bhrí sin tá siad eisiata ón bplé sa Choiste Oideachais. Baineann na forálacha sin le haithrisí 36 agus 44, fad an chláir dá dtagraítear in Airteagal 1 (*Ábhar*), Airteagal 9 (*Buiséad*) agus Airteagal 16.3 (*Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh*).

An 17-18 Meán Fómhair agus an 8-9 Deireadh Fómhair 2025, scrúdaigh an Coiste Oideachais an Rialachán atá beartaithe ina iomláine (na hairteagail ar dtús agus na haithrisí ansin). Ba é an aidhm a bhí leis an bplé tuiscint níos fearr ar an togra a áirithiú, lena gcuirtear chun cinn ailtireacht athdheartha do chlár Erasmus + (dhá cholún atá dírithe ar 'Deiseanna foghlama do chách' agus 'Tacaíocht um fhothú acmhainneachta', ag imeacht ó struchtúr Rialachán Erasmus+[1] atá ann faoi láthair, ina bhfuil caibidlí atá tiomnaithe do gach earnáil a chumhdaítear leis an gclár, is é sin, oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt, agus liostaítear i ngach caibidil gnéithe atá grúpáilte faoi na trí phríomhghníomhaíocht). Ag na cruinnithe sin, chuir na toscaireachtaí a mbarúlacha agus a gceisteanna in iúl, go háirithe maidir le raon feidhme struchtúr nua an chláir, an easpa coiste cláir agus na tionscnaimh nua, mar shampla. Comhghuaillíochtaí Comhoibríocha Spóirt, soghluaisteacht foghlama do lúthchleasaithe agus scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais. Thug an Coimisiún aghaidh ar na ceisteanna, ach d'iarr na toscaireachtaí faisnéis bhreise agus freagraí i scríbhinn, nár cuireadh ar fáil go fóill. Iarradh freisin liosta de na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gclár, mar aon le tásca ar an gcineál bainistíochta dá bhforáiltear (bíodh sé díreach nó indíreach).

Dhréachtaigh an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh[2] mar ullmhúchán do chruinniú an Choiste Oideachais an 20 Deireadh Fómhair 2025, agus cuireadh an dara téacs comhréitigh[3] le chéile do chruinniú an Choiste Oideachais an 29 Deireadh Fómhair 2025.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus um oiliúint, an óige agus spórt agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, lch. 1).

[2] 12607/25.

[3] 14252/25.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A PLÉADH AR LEIBHÉAL NA MEITHLE

### Cuspóirí an Chláir

Leag formhór na mBallstát béim ar a thábhachtaí atá sé cuspóir cláir ghinearálta a bheith ann lena gcuirtear chun cinn foghlaim ardcháilíochta ar feadh an tsaoil agus forbairt aonair, ghairmiúil agus phearsanta agus forbairt bhreise ar an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO). D'áitigh formhór na dtoscaireachtaí go raibh gá le LEO a bheith mar phríomhfhócas an chláir, seachas Aontas Scileanna a thógáil, agus rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite. Measadh fós go raibh sé tábhachtach Aontas Scileanna a thógáil, ach measadh gur tábhacht thánaisteach a bhí ann, le hais LEO a fhorbairt. Tá sé i gcomhréir freisin le bunús dlí an togra tús áite a thabhairt do LEO.

### Nós imeachta coiste

Cháin formhór na dtoscaireachtaí nach raibh coiste cláir sa togra. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht an t-airteagal maidir le nós imeachta coiste a athbhunú ón gclár reatha sa téacs (Airteagal 22a sa chomhréiteach is déanaí ón Uachtaránacht). D'iarr toscaireacht amháin go ndéanfaí plé ar nós imeachta méadaithe le haghaidh rialachais bunaithe ar thogra a dhírigh ar chruinniú choiste an chláir i bhfoirmíochtaí earnálacha agus ar an gclár oibre bliantúil atá á ghlacadh trí dhá ghníomh cur chun feidhme ar leith. Cuireadh an togra faoi bhráid na meithle agus pléadh go mion é. Cé gur dhíol sásaimh do roinnt toscaireachtaí nós imeachta nua ina bhfuil dhá ghníomh cur chun feidhme, bhí toscaireachtaí eile i bhfabhar an *status quo* a choinneáil nó úsáid níos fearr a bhaint as na struchtúir atá ann cheana.

### Infheictheacht na n-earnálacha uile a chumhdaítear leis an gclár

Tugadh aghaidh ar iarraidh na dtoscaireachtaí feabhas a chur ar shuntasacht na n-earnálacha óige agus spóirt leis an gcinneadh dhá airteagal nua a chur isteach sa téacs a chuir an Uachtaránacht síos (Airteagal 4a maidir leis an Óige agus Airteagal 4b maidir le Spórt). Tá plé fós ar siúl maidir leis an mbealach is fearr chun na gníomhaíochtaí a rinneadh ó chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a oidhreacht a léiriú.

**An caidreamh idir an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta**

Bhí go leor ceisteanna ag na toscaireachtaí faoi athruithe a dhéanamh ar an Rialachán Erasmus+ atá ann faoi láthair maidir leis an gcaidreamh idir údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí náisiúnta ar thaobh amháin agus an Coimisiún ar an taobh eile. D'eascair roinnt saincheisteanna as freagrachtaí nua a moladh d'údaráis náisiúnta sa togra freisin.

Tugann an togra an rogha don Choimisiún a iarraidh go ndéanfaí an nós imeachta roghnúcháin do cheann gníomhaireachta náisiúnta an athuair i gcás ina bhfuil imní thromchúiseach ann maidir le prionsabail áirithe a chomhlíonadh (ba cheart údar maith a bheith le ceapadh na ndaoine atá freagrach as an ngníomhaireacht náisiúnta a bhainistiú de bharr chineál na gníomhaíochta, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta cothroma trédhearcacha a leanúint agus níor cheart coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh orthu). Déantar foráil sa togra freisin maidir le cúraimí nua d'údaráis náisiúnta (ar nós tacú leis na gníomhaireachtaí náisiúnta torthaí tionscadal a shaothrú a bhfuil ardacmhainneacht tionchair acu agus cómhaoiniú a chur ar fáil d'oibríochtaí na gníomhaireachta náisiúnta atá coibhéiseach ar a laghad leis an ranníocaíocht a sholáthraíonn an Coimisiún chun tacú le cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta). Cháin na toscaireachtaí na forálacha sin agus d'iarr siad freisin léiriú sainráite sa téacs maidir leis an rogha a bheadh ag údaráis náisiúnta níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin a ainmniú. Mar fhreagairt ar na hábhair imní sin go léir, mhol an Uachtaránacht téacs lena n-áirítear cur síos níos soiléire ar róil agus filleadh ar na freagrachtaí dá bhforáiltear sa Rialachán atá ann faoi láthair.

**Scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais**

Chuir go leor toscaireachtaí ábhair imní agus ceisteanna in iúl maidir leis an ngníomhaíocht nua sin a luaitear sa togra: an tslí a gcinnfear na réimsí straitéiseacha oideachais, nádúr na gníomhaíochta, bíodh sé statach nó dinimiciúil, an tionchar a bheidh aici ar bhuiséad an chláir, a raon feidhme (comhchéimeanna nó cláir náisiúnta) agus a cur chun feidhme (bainistíocht dhíreach nó indíreach) agus na leibhéil oideachais lena mbaineann (leibhéil 6, 7 agus/nó 8 sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)). Mhínigh an Coimisiún go bhfuil cinneadh fós le déanamh maidir leis na gnéithe sin go léir. Chuir toscaireacht amháin a himní in iúl freisin an mbeadh an tionscnamh sin i gcomhréir leis na Conarthaí. Cé gur aithin roinnt toscaireachtaí go bhfuil gá le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar ghanntanais scileanna, lean formhór na dtoscaireachtaí de bheith amhrasach faoin ngníomhaíocht nua atá beartaithe tar éis na mínithe a thug an Coimisiún. Mheas siad freisin go raibh an creat a chuir an Coimisiún ar fáil doiléir agus cheistigh siad an breisluach Eorpach agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar an mbuiséad foriomlán agus scoláireachtaí cláir iomláin á dtabhairt isteach.

**Lúthchleasaithe**

Tá amhras ar roinnt toscaireachtaí maidir le raon feidhme an chláir a leathnú i ndáil leis an gcatagóir nua tairbhithe sin. Cé go bhfuil roinnt toscaireachtaí i bhfabhar lúthchleasaithe a áireamh ach leagann siad béim ar a thábhachtaí atá sé grúpa na dtairbhithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainiú agus a theorannú, tá dornán toscaireachtaí i gcoinne raon feidhme an chláir a leathnú ag an gcéim seo.

## IV. CONCLÚIDÍ

D’éirigh leis an Uachtaránacht mionscrúdú a dhéanamh ar an Rialachán atá beartaithe agus dhá théacs comhréitigh a chur ar fáil. Chuidigh an plé go mór le feabhas a chur ar an gcomhthuiscint ar an togra agus leis na príomh-shaincheisteanna sa Rialachán atá beartaithe a réiteach.

Cé gur chuir an Coimisiún roinnt mínithe agus soiléirithe ar fáil maidir leis na pointí a luaigh na toscaireachtaí, táthar fós ag súil go mór le faisnéis i scríbhinn maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi gach colún. Ina theannta sin, tá sé ráite ag a lán toscaireachtaí go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun intuarthacht bainistíochta a áirithiú agus chuir siad in iúl gur cúis mhór imní dóibh coincheap nua an chomhlachais pháirtigh do thríú tíortha.

Tá iarrachtaí déanta ag an Uachtaránacht an leibhéal mionsonraithe a d’iarr na toscaireachtaí sa Rialachán atá beartaithe a chur ar fáil, agus an cur chuige cothrománach maidir le cláir mar a thíolaic an Coimisiún é á urramú ag an am céanna. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí gach téacs comhréitigh mar chéim i dtreo sainordú ón gComhairle a mhúnlú i bhfianaise na caibidlíochta idirinstitiúidí atá ar na bacáin. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh oibre agus plé teicniúil mionsonraithe nó go mbainfear an chéim sin amach.

## Achoimre ar an meastóireacht ar an Measúnú Tionchair

Bhí tuairimí éagsúla ag na toscaireachtaí maidir leis an **gcomhthéacs beartais**: mheas cuid acu gur míníodh go soiléir é, ach chuir toscaireachtaí eile in iúl gur **dhírigh** an measúnú tionchair **rómhór ar chúrsaí buiséid** agus gan dóthain béime á leagan ar bheartas ná ar luachanna an Aontais. Níor chuir aon cheann de na toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu go raibh an **bunús dlí** doiléir nó míchuí.

Chuir a lán toscaireachtaí i gcoinne **shainiú na faidhbe**, agus d'áitigh siad go gcuirtear béim rómhór sa mheasúnú tionchair ar scileanna agus ar mhargadh an tsaothair, agus gan dóthain béime á leagan ar spriocanna iomlánaíocha oideachais. Chuir toscaireacht amháin i bhfios go láidir, cé go bhfuil an measúnú beacht agus deimhnithe ag comhairliúcháin phoiblí, nach dtugtar tosaíocht do na saincheisteanna sa téacs agus go gcaitear go cothrom le gnéithe nach bhfuil an ábharthacht chéanna ag baint leo.

D'aontaigh roinnt toscaireachtaí go n-aithnítear go páirteach sa mheasúnú tionchair **an bhearna atá ann san fhianaise**. Leag go leor toscaireachtaí béim ar an ngá atá le tuilleadh soiléireachta maidir le **sineirgí** le cláir eile de chuid an Aontais, mar shampla, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Fís Eorpach, an Ciste Eorpach um Iomaíochas, an Eoraip Dhigiteach nó Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Chuir líon suntasach toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu faoi shoiléire na **modheolaíochta**. Dúirt roinnt toscaireachtaí freisin go ndealraíonn sé go ndírítear sa mheasúnú tionchair go príomha ar rogha 2 (comhdhlúthú cuspóirbhunaithe) a mheastar a bheith ina thosaíocht. Cé go soláthraítear forbhreathnú ginearálta leis an anailís chostais ar an rogha seo, tá sonraí cainníochtúla mionsonraithe agus measúnú riosca in easnamh, rud a laghdaíonn trédhearcacht agus inchomparáideacht. B'inmholta luachanna uimhriúla agus anailís riosca a chur san áireamh. Chuir toscaireacht amháin i dtábhacht gur coinníoll riachtanach é creat faisnéise atá láidir ó thaobh na modheolaíochta de a bheith ann, atá in ann oiriúnú go solúbtha do cheanglais tomhais na mbeartas, chun idirghabhálacha a dhearadh ar bhonn láidir faisnéise agus fianaise eimpíreach.

Thug go leor toscaireachtaí faoi deara nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an bh**faireachán** ná ar an **meastóireacht** a dhéanfar amach anseo, agus nach raibh liosta soiléir agus cuimsitheach sa téacs de tháscairí éifeachtúlachta cainníochtúla beachta a bhaineann le gach cuspóir. Is minic a bhíonn méadracht chaighdeánaithe agus spriocanna uimhriúla sainithe in easnamh chun tionchar fadtéarmach iarbhír na mbeartas a thomhas.

Maidir le **cuspóirí beartais**, tháinig na toscaireachtaí uile ar chomhaontú maidir leis an mbreisluach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais agus chuir siad in iúl go raibh siad go léir sásta le Erasmus+ a bheith á choinneáil ina chlár uathrialach. Níorbh ionann freagairt gach toscaireachta nuair a fógraíodh go mbeadh **Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach** á gcumasc: ba dhíol sásaimh do roinnt toscaireachtaí an t-athrú, ach thacaigh toscaireachtaí eile leis an *status quo* a choinneáil ann nó bhí siad ann a d’iarr go ndéanfaí plé tiomnaithe ar an ábhar. Chuir formhór mór na dtoscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoi chuspóir an **tsimplithe**, agus d’áitigh siad gur cuireadh béim iomarcach ar an ollstruchtúr airgeadais gan an tionchar a bheadh ann ar na tairbhithe a mhíniú. Ciallaíonn **athruithe buiséid** go ngineann simpliú ar leibhéal an Aontais costais ollmhóra ar an leibhéal náisiúnta mar gheall ar iarrachtaí bainistíochta, comhordaithe agus faireacháin. Mar achoimre, thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire nach dtugtar forléargas iomlánaíoch ar chostais sa mheasúnú tionchair, ach go gcuirtear i láthair iad ar leibhéal an Aontais amháin, gan an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh go leordhóthanach. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil **leanúnachas** sa phleanáil airgeadais in easnamh agus nach mór dó a bheith níos feiceálaí.

Luaigh tromlach mór na dtoscaireachtaí saincheist an **rialachais** toisc nach bhfuil sí go hiomlán soiléir agus nár tugadh aghaidh go sonrach uirthi. Luadh saincheisteanna an mhaoinithe agus an chómhaoinithe go háirithe. Chuir formhór na dtoscaireachtaí in iúl nach raibh coiste cláir ann agus d’iarr siad go ndéanfaí ceann a athbhunú.

Baineann barúlacha eile a chuir toscaireacht amháin nó roinnt toscaireachtaí in iúl le heasnaimh maidir le haghaidh a thabhairt ar na **tionchair chomhshaoil**, leis an ngá atá le haird níos mó a thabhairt ar **éifeachtaí críochacha** chun go bhféadfar measúnú níos fearr a dhéanamh ar dháileadh na sochar agus na riachtanas oiriúnaithe áitiúil, agus áitítear nach bhfuil an anailís chomh láidir céanna ar an taobh cainníochtúil sna hanailísí a rinneadh **ar na tionchair a bheadh ann ar an iomaíochas** agus ar na **tionchair shóisialta**.

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl nach raibh freagairt an Choimisiúin ar an **tuairim ó Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála** sách láidir, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún a mhíniú cén fáth nach ndearna sé na barúlacha ón mBord sin a phróiseáil go leordhóthanach. D'aontaigh toscaireachtaí eile leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála nár cuireadh san áireamh leis an mbéim iomarcach a leagadh ar an ollstruchtúr airgeadais ábhar na mbeartas ná sainiúlachtaí na gclár éagsúil.

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl nach raibh ina seasamh ach réamh-sheasamh.